# Comharthaíocht Dhátheangach in Ollscoil na Ríona

Eochairfhocail: Aontas na Mac Léinn, comharthaíocht dhátheangach, Ollscoil na Ríona, Coimisinéir Gaeilge, scéim chónaithe, feiceálach

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad is ainm don ollscoil atá idir chamáin sa mhír nuachta seo?
2. Cad a baineadh anuas de bhallaí Aontas na Mac Léinn san ollscoil i Lúnasa 1997?
3. Cad atá ar siúl ag grúpa mac léinn san ollscoil faoi láthair?
4. Cad atá á rá ag údaráis na hollscoile anois maidir le comharthaíocht dhátheangach a bheith ar ais ar na ballaí arís?
5. Conas a mhothaíonn Eoghan Ó Conghaile faoin dearcadh i leith na Gaeilge atá ag údaráis na hollscoile go fóill?
6. Ainmnigh sampla amháin den dul chun cinn atá déanta ag an ollscoil ó thaobh na Gaeilge de?
7. Cad a thuigeann an dream óg sa lá atá inniu ann, dar le Síobhra Aiken?
8. Ar mhínigh an ollscoil a seasamh i leith na Gaeilge go poiblí go fóill?
9. Cén chathair ina bhfuil Ollscoil na Ríona?
10. An gceapann tú go bhfuil an ceart ag an ollscoil gan comharthaíocht dhátheangach a chrochadh timpeall na hollscoile? Cén fáth?

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta:
## Críochnaigh an abairt

**Féach ar an bhfíseán arís agus críochnaigh na habairtí seo a leanas.**

- Tá Ollscoil na Ríona suite
- Níl comharthaíocht dhátheangach le feiceáil
- Tá borradh faoin nGaeilge
- Tá grúpa mac léinn san ollscoil
- Tá díomá ar an-chuid mac léinn faoin
- Bunaíodh scéim chónaithe Ghaeilge san
- Is léachtóir in Ollscoil na Ríona í
- Creideann Síobhra Aiken go bhfuil spéis ollmhór
- Creideann sí chomh maith go bhféadfadh
- Tá an chluas bhodhar tugtha ag údaráis na hollscoile
- Is í Ollscoil na Ríona Béal Feirste an Ollscoil

- dearcadh diúltach a chreideann siad atá ag údaráis na hollscoile i leith na Gaeilge
- i ndeisceart Bhéal Feirtse
- i mbun feachtasaíochta faoi láthair ag iarraidh go gcuirfear comharthaíocht dhátheangach ar ais in Aontas na Mac Léinn arís
- ag muintir na hollscoile trí chéile sa Ghaeilge
- Síobhra Aiken
- d'iarratais ó na meáin chumarsáide ráiteas a eisiúint ar an gceist seo
- is sine i dTuaisceart Éireann
- in Aontas na Mac Léinn san ollscoil le beagnach tríocha bliain anois
- ceannródaíoch a imirt i sochaí Thuaisceart Éireann ó thaobh na Gaeilge de
- le déanaí
- san ollscoil le blianta beaga anuas

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Is mac léinn tú in Ollscoil na Ríona i mBéal Feirste agus is ball de Chumann Gaelach na hOllscoile tú chomh maith. Scríobh an ríomhphost a chuirfeá thar ceann an Chumainn Ghaelaigh ag impí ar údaráis na hollscoile comharthaíocht dhátheangach a chrochadh in Aontas na Mac Léinn arís. Is leor 150 focal. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat an ríomhphost a chumadh.**

- Don té lena mbaineann,
- A chara,
- tá easnamh ar bhallaí Aontas na Mac Léinn
- níl sé pioc sasúil
- níl sé ceart, cóir nó cothrom
- caithfear an scéal a chur ina cheart
- ollscoil ionchuimsitheach
- tá an-díomá orainn
- sárú cearta daonna
- meon diúltach
- sochaí nua a chruthú
- tá ré na dTrioblóidí thart
- Le meas,
- Le dea-ghuí,

Freagraí

1. Ollscoil na Ríona
2. dhátheangach
3. ag dul i mbun feachtais leis an gcomharthaíocht dhátheangach a fháil ar ais
4. ní tharlóidh sé go dtí go bhfaighidh siad ordú ón gCoimisinéir Gaeilge
5. tá díomá air
6. scéim chónaithe Ghaeilge bunaithe, 4 chúrsa nua le Gaeilge bunaithe, 227% d'ardú tagtha ar líon na mac léinn atá cláraithe le cúrsaí Gaeilge san ollscoil
7. go mbaineann an Ghaeilge le gach duine agus gur mhaith leo go mbeadh an Ghaeilge feiceálach
8. níor mhínigh
9. Béal Feirste

1. Tá Ollscoil na Ríona suite i ndeisceart Bhéal Feirtse
2. Níl comharthaíocht dhátheangach le feiceáil in Aontas na Mac Léinn san ollscoil le beagnach tríocha bliain anois
3. Tá borradh faoin nGaeilge le déanaí
4. Tá grúpa mac léinn san ollscoil i mbun feachtasaíochta faoi láthair ag iarraidh go gcuirfear comharthaíocht dhátheangach ar ais in Aontas na Mac Léinn arís
5. Tá díomá ar an-chuid mac léinn faoin dearcadh diúltach a chreideann siad atá ag údaráis na hollscoile i leith na Gaeilge
6. Bunaíodh scéim chónaithe Ghaeilge san ollscoil le blianta beaga anuas
7. Is léachtóir in Ollscoil na Ríona í Síobhra Aiken
8. Creideann Síobhra Aiken go bhfuil spéis ollmhór ag muintir na hollscoile trí chéile sa Ghaeilge
9. Creideann sí chomh maith go bhféadfadh ceannródaíoch a imirt i sochaí Thuaisceart Éireann ó thaobh na Gaeilge de
10. Tá an chluas bhodhar tugtha ag údaráis na hollscoile d'iarratais ó na meáin chumarsáide ráiteas a eisiúint ar an gceist seo
11. Is í Ollscoil na Ríona Béal Feirste an Ollscoil is sine i dTuaisceart Éireann